

SÁRMHAITHÉAS TRÍD AN
OIDEACHAS AGUS OILIÚINT

Bord Oideachais agus Oiliúna
Laoise agus Uíbh Fhailí

Laois and Offaly

Education and Training Board

RÁITEAS STRAITÉISE

2018 - 2022

www.loetb.ie



loetb

Bord Oideachais agus Oiliúna
Laoise agus Uíbh Fhailí
Laois and Offaly
Education and Training Board

CLÁR ÁBHAIR

1	Teachtaireacht ón gCathaoirleach.....	4
2	Brollach an Phríomhfheidhmeannaigh	5
3	Achoimre Fheidhmeach.....	6-7
4	Próifíl ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí	8
4.1	<i>Réamhrá</i>	8
4.2	<i>Fís agus Luachanna</i>	8-9
4.3	<i>Rialachas agus Creat Reachtaíochta</i>	10
4.4	<i>Achoimre ar Chláir agus Seirbhísí</i>	10
5	Comhthéacs.....	11
5.1	<i>An Tírdhreach Oideachais agus Oiliúna in Éirinn</i> ...	11-12
5.2	<i>An Pheirspictíocht Réigiúnach</i>	13-14
6	An Straitéis	15
6.1	<i>Cur chuige maidir leis an Straitéis a Fhorbairt</i>	15
6.2	<i>Spriocanna, Tosaíochtaí agus Gníomhartha</i>	16-24
6.3	<i>Cur chun feidhme</i>	24
	Aguisíní.....	25

Teachtaireacht ó Chathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí

Is mór an pléisiúr dom Ráiteas Straitéise Bhord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí don tréimhse 2018-2022 a chur i láthair. Is foilseachán tábhachtach é seo sa mhéid go bhfuil sé ar an gcéad Ráiteas Straitéise riamh ón eagraíocht nua dár gcuid. Cuireann sé leis an traidisiún fada nuála agus freagrúlachta a léirigh na heagraíochtaí a cumascadh chun BOOLUF a dhéanamh ar an 1 Iúil 2013 i gcónaí i leith riachtanas na mac léinn agus na bpobal i gcontaetha Laoise agus Uíbh Fhailí.

Creidim go gcuirfidh an straitéis seo ar ár gcumas dúinn fás agus forbairt a dhéanamh mar eagraíocht nua agus go mbeidh sí ina cabhair dúinn agus oideachas agus oiliúint den chéad scoth á gcur ar fáil againn sna cúig bliana atá romhainn.

Is toradh í an Ráiteas Straitéise seo ar phróiseas leathan comhairliúcháin agus tá breithniú déanta againn freisin ar bheartais agus reachtaíocht ríthábhachtacha ag an leibhéal áitiúil, náisiúnta agus Eorpach. Ba mhaith liom comhaltaí de Bhord BOOLUF; an Príomhfheidhmeannach, Joe Cunningham; agus ár bhfoireann uile a mholadh as a gcuid oibre déine i gcónaí agus as a dtiomantas don straitéis seo a fhorbairt. Guím gach rath ar ár mic léinn agus ar ár mbaill foirne uile de réir mar a oibrímid le chéile chun barr feabhais a bhaint amach tríd an oideachas agus oiliúint.

Caroline Dwane-Stanley, Clr.

Cathaoirleach

Brollach an Phríomhfheidhmeannaigh

Tá an fhoghlaim i gcróí lár gach a ndéantar in BOOLUF. Tarlaíonn an fhoghlaim sin inár scoileanna, in ár nIonaid Bhreisoideachais agus Oiliúna, agus i dtimpeallachtaí pobail ar fud contaetha Laoise agus Uíbh Fhailí. Na baill foirne iontacha a dhéanann ionadaíocht ar BOOLUF ar fud ár gclár agus seirbhísí uile, is iad an bunghné is tábhachtaí de na heispéiris foghlama ar fad. Ón lá a bunaíodh i mí Iúil 2013 í, gné buan na heagraíochta ná gairmiúlacht, díograis agus tiomantas na foirne.

Leagtar amach sa Ráiteas Straitéise seo treo na heagraíochta sna cúig bliana atá romhainn a ligeann dúinn leanúint ar aghaidh le heispéireas oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán a sholáthar do phobail Laoise agus Uíbh Fhailí.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil do Marie Bracken (Stiúrthóir um Thacaíocht agus Forbairt Eagrúcháin), Paul Fields (Stiúrthóir na Scoileanna), agus Tony Dalton (Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna) as a gcuid léargais agus a gcuid n-iarrachtaí maidir leis an Ráiteas Straitéise seo a fhorbairt. Táimid tiomanta d'oibriú le chéile chun a cur chun feidhme a threorú. Beidh gach seirbhís in ann measúnú agus pleanáil a dhéanamh i gcomhthéacs ár spriocanna, ár dtosaíochtaí agus ár ngníomhartha. Déanfaidh na cláir agus na seirbhísí tuairisciú, ar bhonn leanúnach agus mar chuid d'ár dTuarascáil Bhliantúil, ar a mbuaicphointí maidir le cur chun feidhme na straitéise.

Agus tacaíocht fhoireann BOOLUF uile againn, táim cinnte gur féidir linn an-dul chun cinn a dhéanamh ó thaobh ár ráitis mhisin de, chun sármhaitheas a bhaint amach tríd an oideachas agus an oiliúint.

Cuirim an straitéis seo i láthair duit agus mé lánchinnte go gcabhróidh sí linn feabhas a chur ar eispéireas ár mac léinn uile sna blianta atá romhainn.

Joe Cunningham

Príomhfheidhmeannach

Achoimre Fheidhmeach

Leagtar amach i Ráiteas Straitéise BOOLUF cuspóirí ardleibhéil na heagraíochta faoi na ceithre Sprioc Straitéiseacha seo a leanas:

- 1. Oideachas agus oiliúint shármhaith**
- 2. Eispéireas sármhaith a sholáthar do mhic léinn**
- 3. Bunathrú na hEagraíochta**
- 4. Forbairt Foirne**

Baineann sraith tosaíochtaí straitéiseacha le gach sprioc ar leith a chomhlíonfar trí réimse gníomhartha tacaíochta. Ceapadh na spriocanna agus na tosaíochtaí sin chun cabhrú le BOOLUF tapú leis na deiseanna a thiocfaidh chun cinn sna cúig bliana atá romhainn, chomh maith le cabhrú linn dul i ngleic leis na dúshlán a bheidh roimh an eagraíocht sa tréimhse chéanna.

SPRIOC 1:

Oideachas agus oiliúint shármhaith

I measc na dtosaíochtaí straitéiseacha faoin gcuspóir seo, tá teagasc, foghlaim agus measúnú sármhaith a sholáthar do chách, chomh maith le hardleibhéil ghnóthachtála agus chreidiúnaithe a chinntiú i measc na mac léinn. Bainfear iad sin amach trí chláir agus tionscnaimh ábhartha, fhreagrúla, chomhtháite agus nuála a chur chun feidhme.

I measc na ngníomhartha a thacóidh leis na tosaíochtaí straitéiseacha seo, déanfar comhthuisctint a fhorbairt maidir le cad is sármhaitheas teagaisc agus foghlama in BOOLUF, rud a chuirfidh bonn eolais le beartas uileghabhálach teagaisc agus foghlama ina gcuimsítear ár luachanna agus ár n-áiseanna lárnacha.

Cinnteoimid próiseas measúnachta comhsheasmhach ar fud ár gclár ar fad agus béim ar choinneáil, gnóthachtáil agus dul chun cinn na mac léinn. Bunóimid fóram foirne chun comhoibriú agus roinnt eolais, scileanna agus acmhainní a éascú, agus chun leanúint dár soláthar a leathnú, a chomhtháthú agus a ailíniú chun freastal ar riachtanais na mac léinn, na bhfostóirí agus an gheilleagair áitiúil.

SPRIOC 2:

Eispéireas sármhaith a sholáthar do mhic léinn

Áirítear i measc na dtosaíochtaí straitéiseacha faoin gcuspóir seo eispéiris agus timpeallachtaí dearfacha ina bhfuil acmhainní agus áitribh oiriúnacha a sholáthar do mhic léinn. Tabharfar tacaíocht d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil, don fhorbairt phearsanta, do dhul chun cinn agus don fhostaíocht. Léireofar tiomantas láidir don fhoghlaim le cuidiú teicneolaíochta chun tacú leis an bhfoghlaim neamhspleách agus leis an bhfoghlaim comhoibriúch.

I measc na ngníomhartha chun tacú leis na tosaíochtaí seo, tá forbairt na nIonad Breisoideachais agus Oiliúna lena n-áirítear na tacaíochtaí riachtanacha mac léinn.

Cinnteoimid comhsheasmhacht na faisnéise atá ar fáil do mhic léinn agus cuirfear deiseanna breise ar fáil chun aiseolas a fháil ó mhic léinn agus tuismitheoirí. Leanfaimid d'éiteas an ionchuisithe ghníomhaí agus shóisialta a chur chun cinn agus a fhorbairt agus de chinntiú go gcuirfear acmhainní Riachtanais Speisialta Oideachais chuig na cláir agus na seirbhísí ábhartha, de réir mar is cuí.

SPRIOC 3:

Bunathrú na hEagraíochta

Áirítear i measc na dtosaíochtaí straitéiseacha faoin guspóir seo cultúir nuálaíochta agus feabhsaithe a chruthú laistigh den eagraíocht. Beidh sé sin bunaithe ar rialachas eiticiúil ar mhaithe le cuntasacht agus luach ar airgead a chinntiú.

Déanfaimid comhpháirtíochtaí straitéiseacha a fhorbairt le príomhpháirtithe leasmhara, rud a chuirfidh chun cinn, trí chultúr nuálaíochta agus feabhsaithe, ár gcáil mar sholáthraí oideachais agus oiliúna.

Mar thoradh air sin, déanfar athstruchtúrú ar an eagraíocht ionas gur féidir an straitéis a chur chun feidhme agus chun freagairt d'athruithe beartais agus reachtaíochta de réir mar a thiocfaidh siad chun cinn. Déanfar cultúr nuálaíochta a chothú inar féidir le hathrú agus feabhsú leanúnach tarlú. Forbrófar

agus cuirfear chun feidhme straitéis brandála agus margaióchta freisin, a dhéanfaidh ár gcláir agus ár ngníomhaíochtaí nuálaíochta a phoibliú. Chomh maith leis sin, leanfaimid de dhea-chleachtais rialachais agus cumarsáide a dhaingniú ar fud na heagraíochta i gcomhréir leis an gCód Cleachtais maidir le Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna.

SPRIOC 4:

Forbairt Foirne

Baineann na tosaíochtaí straitéiseacha faoin guspóir seo le lucht saothair ardcháilithe agus spreagtha a earcú agus a choinneáil, agus le tacaíocht agus deiseanna foirne a sholáthar maidir le forbairt ghairmiúil, phearsanta agus ghairmréime leanúnach.

Mar thoradh air sin, déanfaimid ár mbeartais earcaíochta a athbhreithniú, cothromas teachta ar an oideachas a chur chun cinn, agus ionductú a chur ar fáil do gach ball nua foirne. Déanfaimid clár ceannaireachta gníomhach a fhorbairt do dhaoine a dteastaíonn uatha bheith ina gceannaire, agus clár folláine don fhoireann go léir. Leanfaimid de ghrúpaí oibre teicniúla a fhorbairt chun dea-chleachtas a léiriú agus eolas a roinnt i measc na mball foirne, chomh maith le feabhas a chur ar dheiseanna maidir le líonrú inmheánach a dhéanamh chun feabhsú leanúnach a chur chun cinn inár gcumarsáidí agus seirbhísí.

Próifíl ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí

4.1

Réamhrá

Buanaíodh BOOLUF ar an 1 Iúil 2013 nuair a rinneadh dhá Choiste Ghairmoideachais a chumasc: Coiste Gairmoideachais Chontae Laoise agus Coiste Gairmoideachais Chontae Uíbh Fhailí. Ina dhiaidh sin, rinneadh seirbhísí oiliúna SOLAS (FÁS tráth), lena n-áirítear an tIonad Náisiúnta um Oiliúint Tógála, a ionchorprú leo siúd ar an 1 Eanáir 2016.

4.2

Fís agus Luachanna

An fhís atá againn ná oideachas agus oiliúint atá ar ardchaighdeán a sholáthar go gníomhach i Laois agus Uíbh Fhailí.

Sármhaitheas tríd an oideachas agus oiliúint ár misean.

Tá an fhoghlaim i gcroí lár gach a ndéantar in BOOLUF trí réimse leathan clár, seirbhísí agus tacaíochtaí oideachais agus oiliúna a sholáthar do dhaoine óga agus do dhaoine fásta ar fud réigiún Bhord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí.

Is é ár dtuairim go bhfuil an fhoghlaim ar feadh an tsaoil ina gné lárnach den fhorbairt agus folláine phearsanta, den ionchuimsiú sóisialta agus den rathúnas eacnamaíoch. Mar sholáthraí seirbhíse, is iad seo a leanas ár mbunluachanna:

COMHIONANNAS

Léireoimid cothroime, meas agus ionchuimsiú sa bhealach a chaithimid lenár mic léinn, lenár bpáirtithe leasmhara agus lenár bhfoireann, agus déanfaimid cultúr a chothú ina gcuirtear fáilte roimh an éagsúlacht, agus ina léirítear meas uirthi.

COMHOIBRIÚ

Oibreoidimid i gcomhar lenár mic léinn, lenár bpáirtithe leasmhara agus lenár bhfoireann chun roinnt eolais, saineolais agus scileanna a éascú.

NUÁIL

Leanúint ar aghaidh mar cheannródaí i soláthar an oideachais agus oiliúna trí smaointe nua a spreagadh, trí thriail a bhaint as cuir chuige éagsúla agus trí fhreagairt do na hathruithe a thagann chun cinn.

GAIRMIÚLACHT

Léireoimid cúirtéis, éifeachtúlacht agus sármhaitheas agus muid i mbun déileála lenár mic léinn, lenár bpáirtithe leasmhara agus lenár bhfoireann, agus oibreoidimid chun na caighdeáin is airde a bhaint amach ó thaobh an oideachais agus oiliúna.

IONRACAS

Léireoimid macántacht, trédhearcacht agus rúndacht, agus déanfaimid ár bhfreagrachtaí a chomhlíonadh mar sholáthraí oideachais ar feadh an tsaoil ar bhealach comhsheasmhach agus eiticiúil.

Is é an príomhchuspóir atá againn ná mic léinn a chumasú chun an mianach atá iontu a bhaint amach. Déanaimid ár ndícheall chun eispéiris foghlama a chur ar fáil a dhéanann freastal ar riachtanais na mac léinn, beag beann ar aois agus ar chumas. Cuirimid treoir agus tacaíochtaí ar fáil d'ár mic léinn chun cabhrú leo a spriocanna agus cáilíochtaí foghlama a bhaint amach.

Cuirimid roghanna ar fáil d'ár mic léinn maidir le haistriú agus dul chun cinn san oideachas ionas gur féidir leo an deis is fearr is féidir a thabhairt dóibh coinneáil leis an mbreisoideachais agus oiliúint, agus post a fháil. Maidir lenár dtiomantas don oideachas ionchuimsitheach, tugaimid aitheantas don tábhacht a bhaineann le háitreabh agus acmhainní oiriúnacha a bheith ag ár mic léinn. Tá aird againn ar na freagrachtaí atá orainn maidir le cearta an duine agus comhionannas, mar sholáthraí oideachais agus mar fhostóir.

Tuigimid tábhacht na teicneolaíochta mar bhealach chun foghlaim, comhoibriú agus cumarsáid a fheabhsú i measc ár mac léinn agus ár bpáirtithe leasmhara. Chuige sin, táimid ag obair chun a chinntiú go bhfuil ár gcórais dhigiteacha inrochtana, iontaofa agus cosanta.

Tá sé mar aidhm againn leanúint d'fhorbairt a dhéanamh mar eagraíocht foghlama agus déanaimid cinnte go bhfuil teacht ag ár bhfoireann ar dheiseanna forbartha gairmiúil leanúnaí. Áirítear leis sin baill foirne a chumasú chun a bheith ina gcleachtóirí machnamhacha, chun a scileanna a fheabhsú agus chun comhoibriú lena gcomhghleacaithe. Aithnímid gur féidir an fhorbairt ghairmiúil a éascú i slite éagsúla, lena n-áirítear cláir chreidiúnaithe, ceardlanna agus líonraí foghlama gairmiúil.

Murach an fhoireann tacaíochta agus an fhoireann riaracháin in ár scoileanna, ionaid agus seirbhísí, chomh maith leis na feidhmeanna tacaíochta ríthábhachtacha arna ndéanamh sa Cheannoifig, tuigimid nach mbeadh sé ar ár gcumas againn roinnt mhaith dár gcuid oibre a dhéanamh. Tá ardmheas againn ar an ról atá ag na coistí éagsúla a thacaíonn le BOOLUF ag leibhéal na heagraíochta agus inár scoileanna agus Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna. Oibrímid freisin i gcomhar le heagraíochtaí agus gníomhaireachtaí ríthábhachtacha ag an leibhéal áitiúil agus ag an leibhéal náisiúnta, ar mhaithe le soláthar seirbhíse ar ardchaighdeán a bhaint amach d'ár mac léinn.

4.3

Rialachas agus creat reachtaíochta

Tá BOOLUF faoi rialú ag Bord ar a bhfuil 21 comhalta. Ina measc siúd, tá 12 ionadaí ón dá chomhairle contae áitiúil: Laois agus Uíbh Fhailí; beirt chomhaltaí a toghadh ón bhfoireann; beirt ionadaí ar tuismitheoirí iad; agus cúigear comhaltaí ag a bhfuil saineolas ar an oideachas agus oiliúint, lena n-áirítear ionadaí foghlaimora agus ionadaí gnó. Tá teacht ar liosta iomlán de Chomhaltaí an Bhoird in Aguisín 1. In Aguisín 1, tá liosta iomlán de na páirtithe leasmhara a ndeachthas i gcomhairle leo.

4.4

Achoimre ar Chláir agus Seirbhísí

Tá teacht ar liosta iomlán d'ár gcáir agus seirbhísí in Aguisín 2 agus ar ár suíomh Gréasáin www.loetb.ie

Tá BOOLUF ar ceann de na príomhfhostóirí i lár na tíre le 1,000 daoine fostaithe aige agus oideachas á chur ar fáil do bhreis agus 4,000 mac léinn ag leibhéal an iar-bhunoideachais agus breis agus 11,000 tairbhithe ar chláir Bhreisoideachais agus Oiliúna agus seirbhísí. Deanann BOOLUF bainistiú ar 9 scoil iar-bhunoideachais agus 12 Ionad Breisoideachais agus Oiliúna ilchláir, agus tá sé ina chomhphátrún ar 5 Phobalscoil lonnaithe sna háiteanna seo a leanas: Móinteach Mílic; Baile na Coille; Maighean Rátha; Biorra, agus an Féar Bán. Faoi Acht na mBord Oideachais & Oiliúna, 2013, tá freagracht ar BOOLUF maidir le tacaíocht a thabhairt do sholáthar, comhordú, riaradh agus measúnú ar sheirbhísí oibre don aos óg ina limistéar feidhme agus, trí chomhoibriú le hinstiúidí eile, tacaíochta a chur ar fáil do réimse leathan clár agus gníomhaireachtaí chun cláir oideachais agus oiliúna a sholáthar nach bhfuil d'acmhainn ag seirbhísí oideachais príomhshrutha i gcontaetha Laoise agus Uíbh Fhailí a sholáthar.

Tá stair fhada ag BOOLUF maidir le bheith ag obair i gcomhar le grúpaí éagsúla reachtúla, pobail agus deonacha. Déantar ionadaíocht ar BOOLUF ar bhoird agus coistí éagsúla ar fud contaetha Laoise agus Uíbh Fhailí. Tugann an cur chuige comhpháirtíochta seo deiseanna do na grúpaí agus eagraíochtaí éagsúla faisnéis a roinnt maidir le seirbhísí agus comhoibriú a dhéanamh chun bearnaí ó thaobh soláthair a aithint agus seirbhísí breise a chur ar fáil, de réir mar is gá.

Comhthéacs

5.1

An tírdhreach oideachais agus oiliúna in Éirinn

Reachtaíocht & Rialacháin

Ag an leibhéal náisiúnta, tá an t-oideachas agus an oiliúint aitheanta ag an rialtas mar thosaíochtaí ríthábhachtacha. Sa Chlár um Rialtas Comhpháirtíochta 2016, léirítear an nasc idir oideachas agus comhionannas chomh maith le rathúnas eacnamaíoch. Meastar go bhfuil sármhaitheas agus nuáil ó thaobh an oideachais agus oiliúna de ríthábhachtach do dhaoine chun an mianach atá iontu a bhaint amach agus chun a chinntiú go mbeidh rath orainn mar thír.

Le blianta beaga anuas, tá roinnt athruithe suntasacha tar éis tarlú ó thaobh thírdhreach an oideachais agus oiliúna in Éirinn. Le hAcht na mBord Oideachais agus Oiliúna, 2013, bunaíodh 16 Bord Oideachais agus Oiliúna (BOOanna) agus tugadh isteach Cód Cleachtais um Rialachas na BOOanna.

Móráthrú eile a tháinig as Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna, 2013, ná bunú na Seirbhíse Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna (SOLAS) mar údarás náisiúnta um breisoideachas agus oiliúint. Le píosa reachtaíochta suntasaí eile, an tAcht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012, bunaíodh na córais seo a leanas maidir leis na BOOanna: Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (DCCÉ) agus Dearbhú Cáilíochta.

Forbairtí Beartais

Tá tionchar á imirt ag roinnt beartas ríthábhachtach ar sholáthar an oideachais agus oiliúna in Éirinn faoi láthair. Faoin bPlean Gníomhaíochta don Oideachas 2016 - 2019 de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna, déantar tagairt shonrach do chur chun feidhme an Chreata nua don tSraith Shóisearach, lena mbaineann cúrsaí gearra nua, grúpthionscadail agus Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí. Déantar tagairt sa Plean freisin do phlean nua le haghaidh scoileanna ina gcuirtear an Plean um Chomhionannas Deiseanna ar fáil chun tacaíocht a thabhairt do ghnóthachtáil agus dul chun cinn. Príomhghníomhaíocht eile ná roghanna códaithe agus TF a leathnú sna scoileanna. In earnáil an Bhreisoideachais agus Oiliúna, is spreagadh suntasach don soláthar breisoideachais agus oiliúna iad forbairt na Straitéise um Breisoideachas agus Oiliúint, 2014-2019, arna treorú ag SOLAS, agus athbhreithniú agus forbairt printiseachtaí nua. Chomh maith leis sin, tá Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (BOOÉ) tar éis straitéis a fhorbairt le déanaí i gcomhpháirtíocht le SOLAS maidir leis an bhFoghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta. An Straitéis Náisiúnta um Rannpháirtíocht na Leanaí agus na nDaoine Óga agus an tAthbhreithniú ar Luach ar Airgead, is spreagadh mór iad araon do bheartas maidir le Seirbhísí don Aos Óg faoin Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.

An tSocheacnamaíocht

Agus an tír ag teacht as an gcúlú eacnamaíochta, tá athrú ag teacht ar gheilleagar na hÉireann, agus ar mhargadh an tsaothair dá bharr. Is é is ciall leis sin ná go bhfuil BOOLUF ag obair i gcúinsí dúshlánacha ina gcaithfear níos mó a dhéanamh leis an méid céanna acmhainní, chomh maith le ceanglais an chórais nua pleanála agus tuairiscithe a chomhlíonadh.

Tá an-tionchar ag Plean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí, 2011, agus beidh tionchar fós aige amach anseo ar chuid de phríomhfheidhmeanna sheirbhísí eagraíochta agus airgeadais BOOLUF, mar thoradh ar an mbogadh i dtreo seirbhísí comhroinnte ar fud na hearnála.

Forbairtí Teicneolaíochta

Tá tionchar suntasach ag an teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide ar chúrsaí oideachais, oiliúna agus riaracháin. Le blianta beaga anuas, tá fás fíorthapa tar éis teacht ar úsáid líonraí gan sreang, seirbhísí néalríomhaireachta, gléasanna móibíleacha, agus na meáin shóisialta. Leagtar amach na buntáistí agus na dúshláin a bhaineann leis an teicneolaíocht agus uirlisí foghlama digiteacha a dhaingniú in earnáil an oideachais i Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2015 - 2020 de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna, agus sa Straitéis don Fhoghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta sa Bhreisoideachais agus Oiliúna 2016 - 2019 de chuid SOLAS.

Bhí tionchar ag na gnéithe go léir thuasluaite ar na ceithre sprioc straitéiseacha de chuid BOOLUF.

Reachtaíocht & Rialacháin



- Plean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí, 2011
- An tAcht um Chálíochtaí agus Dearbhú Cálíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012
- Acht na B00anna, 2013
- An tAcht um B&O 2013
- An tAcht um Athchóiriú an Rialtais Áitiúil 2014
- An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 (CECDC)
- Clár um Rialtas Comhpháirtíochta 2016

Forbairtí Beartais



- Plean Gníomhaíochta ROE um Oideachas, 2016-2019
- An Creat Nua don tSraith Shóisearach
- Creat Náisiúnta na Comhairle
- Múinteoireachta d'Fhoghlaim Mhúinteoirí
- Próifíl SOLAS um Scileanna B&O 2016
- Straitéis SOLAS um B&O 2014-19
- Tarmílgean Údaráis - DCC
- Seirbhísí Comhroinnte na hEarnála Poiblí

An tSoch-eacnamaíocht



- Téarnamh Geilleagrach
- Caiteachas an Rialtais
- Déimeagrafaic atá ag athrú

An Teicneolaíocht



- Straitéis Dhigiteach na ROS do Scoileanna 2015-2020
- Teicneolaíocht SOLAS Straitéis um Foghlaim Fheabhsaithe don Bhreisoideachas agus Oiliúna 2016-2019
- Méadú a chur ar úsáid gléasanna móibíleach, na meáin shóisialta agus an fhoghlaim ar líne.



5.2

An Pheirspictíocht Réigiúnach


Tíreolaíocht agus déimeagrafaic

Tagann contaetha Laoise agus Uíbh Fhailí faoi réigiún BOO Laoise agus Uíbh Fhailí.

Is limistéar tuaithe den chuid is mó í Laois agus Uíbh Fhailí, de thart ar 3715km², agus tá 162,658 duine ina gcónaí ann (Daonáireamh 2016). Síneann sé ó Bheannchair ar bhruach na Sionainne go dtí an Bhearú ar imeall Bhaile Cheatharlach. Léiríonn na figiúirí is déanaí ón bPríomh-Oifig Staidrimh go bhfuil méadú 3.5% tagtha ar dhaonra an réigiúin ó bhí 2011 ann, beagán faoi bhun an fhigiúir náisiúnta 3.8%. Tá próifíl aoise 35.6 ag an dá chontae le chéile, aois atá beagán níos óige ná an meán: 37.4 an figiúr náisiúnta.

Baineann éagsúlacht leis an athrú daonra a tharla i Laois agus Uíbh Fhailí. Tháinig laghdú mór ar líon na ndaoine a bhfuil cónaí orthu i mbailte beaga agus sráidbhailte faoin tuath, mar shampla tháinig laghdú 12% (2011-2016) ar líon na ndaoine a bhfuil cónaí orthu i nDroichead na Sionainne agus tháinig méadú suntasach le 5 bliana anuas ar líon na ndaoine a bhfuil cónaí orthu in áiteanna uirbeacha, e.g. Cúl an tSúdaire (15.5%) agus Port Laoise (11%).

Ar an iomlán, tháinig méadú 1.2% ar líon na ndaoine a bhfuil cónaí orthu in Uíbh Fhailí ó bhí 2011 ann, agus is léir go bhfuil Laois ar ceann de na contaetha is mó fás, le méadú 5.2% i gceist le daonra an chontae sin.



An tSocheacnamaíocht

Léiríonn figiúirí an Phríomh-Oifig Staidrimh go bhfuil 36.9% de dhaonra iomlán an réigiúin faoi bhun 15 bliana d'aois, i gcomparáid le meán 31.5% i gCúige Laighean ar fad.

I gcás 53 duine as gach 100 daoine sna grúpaí aoise gníomhacha, léirítear as na grúpaí 0-14 agus 65+ bliana d'aois (na 'grúpaí aois-spleácha') iad.

De réir an Dhaonáireamh 2016, tá 22,547 (13.8%) de dhaonra an dá chontae faoi mhíchumais; sin méadú 2,077 ó Dhaonáireamh 2011. Is iarrthóirí tearmainn/dídeanaithe iad 13.35% de dhaonra an réigiúin.

Fostaíocht

De réir Dhaonáireamh 2016, tá 60,624 duine fostaithe i réigiún Laoise agus Uíbh Fhailí. Is iad seo a leanas na príomhréimsí fostaíochta sa réigiún: Seirbhísí Gairmiúla (22.5%), Tráchtáil agus Trádáil (19.7%) agus Monaraíocht (16.9%). Is díol spéise é go bhfuil níos mó ná 7% de na daoine atá ag obair sa réigiún fostaithe in earnálacha na Talmhaíochta agus na foraoiseachta agus na hiascaireachta.

Tá 9,993 daoine ar an mbeochlár i Laois agus Uíbh Fhailí (Deireadh Fómhair 2017), agus tá 1,307 díobh siúd faoi bhun 25 bliain d'aois. Is fir iad 55% de na daoine atá ar an mbeochlár.

Gnóthachtáil Oideachais

As daonra an dá chontae, tá an oideachas iarbhunscoile curtha i gcrích ag 34% díobh siúd atá 15 bliana d'aois nó níos sine, agus tá an oideachas tríú leibhéal curtha i gcrích ag breis agus leath díobh siúd, i gcomparáid leis an meán náisiúnta atá 42%.

Agus Daonáireamh 2016 á líonadh, ní raibh aon oideachas foirmiúil curtha i gcrích ag 1.25% de dhaonra an dá chontae, agus ní raibh ach an bunoidiachas curtha i gcrích ag 7.8% den daonra, i gcomparáid le meán náisiúnta 7%. Is é 18.5 bliana d'aois an mheánaois a scorann daoine den oideachas i Laois agus Uíbh Fhailí, i gcomparáid le figiúr náisiúnta 19.9 bliana d'aois.

Tháinig méadú ar an líon daoine a bhfuil Ph.D acu ó 97 in 2011 go 342 in 2016 agus tháinig méadú 107 go 3,513 ar an líon daoine a mbronnadh sainteastas/printíseachtaí orthu sa tréimhse chéanna.

CONCLÚID

I bhfianaise na héagsúlachta móire ó thaobh daonra de agus na próifíle socheacnamaíochta ar fud an réigiúin, tá dúshlán mhóra roimh BOOLUF maidir le cláir agus seirbhísí oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán a fhreagraíonn do riachtanais phobail Laoise agus Uíbh Fhailí a sholáthar. Is é a chuireann bonn eolais leis an straitéis seo ná an gá atá ann freastal ar na dúshlán seo.

An Straitéis

6.1

Cur chuige maidir leis an Straitéis a Fhorbairt

Toradh próisis chomhairliúcháin a thosaigh i mí Bealtaine 2017 is ea an Ráiteas Straitéise seo. Is éard a bhí i gceist leis an gcomhairliúchán ná cruinnithe agus fócasghrúpaí inar ghlac bainisteoirí, comhordaitheoirí clár agus ionad, foirne tacaíochta agus forbartha de chuid na heagraíochta agus Bord BOOLUF páirt. Ba phríomhghné den phróiseas é an comhairliúchán leis comhpháirtithe oideachais agus páirtithe leasmhara eile, agus tháinig roinnt spriocanna agus tosaíochtaí straitéiseacha as an comhairliúchán sin.

TASC	AMSCÁLA
Réamhchruinnithe agus comhairliúcháin	Bealtaine 2017
Dréacht de chreat na Straitéise	Bealtaine 2017
Comhairliúcháin tosaigh le bainisteoirí sinsearacha	Meitheamh 2017
Comhairliúcháin tosaigh leis an meánbhainistíocht & comhordaitheoirí	Meitheamh 2017
Cruinniú faisnéise agus plé le Bord BOOLUF	Meitheamh 2017
Comhairliúchán deireanach le bainisteoirí sinsearacha	Meán Fómhair 2017
Comhairliúchán deireanach leis an meánbhainistíocht & comhordaitheoirí	Deireadh Fómhair 2017
Comhairliúcháin leis an bhfoireann agus páirtithe oideachais	Samhain 2016
An Straitéis a thabhairt chun críche	Samhain 2017
Faomhadh Bord BOOLUF	Nollaig 2017
Seoladh	Eanáir 2018

6.2

Spriocanna, tosaíochtaí agus gníomhartha

Leagtar amach i Ráiteas Straitéise BOOLUF cuspóirí ardleibhéil na heagraíochta faoi na ceithre Sprioc Straitéiseacha seo a leanas:

1. Oideachas agus oiliúint sármhaith

2. Eispéireas sármhaith do mhic léinn

3. Bunathrú na hEagraíochta

4. Forbairt Foirne

Tagraítear sna spriocanna do theagasc agus foghlaim, ach tagraítear iontu freisin d'fheabhsú ár seirbhísí tacaíochta agus ár seirbhísí eagraíochta. Tá sraith tosaíochtaí straitéiseacha mar bhonn agus taca ag gach ceann de na spriocanna. Ceapadh na spriocanna sin chun cabhrú le BOOLUF tapú leis na deiseanna agus dul i ngleic leis na dúshláin a bheidh roimh an eagraíocht sna cúig bliana atá romhainn. Agus réimse casta seirbhísí á chur ar fáil do chuid leathan den phobal, tá sé ríthábhachtach go leanann BOOLUF dá acmhainn straitéiseach mar eagraíochta a neartú agus, níos tábhachtaí mar sin, mar sholáthraí den fhoghlaim ar feadh an tsaoil.

Cuirtear béim ar leith sa Straitéis ar chomhionannas agus ar ionchuimsiú sóisialta gníomhach. Tá roinnt freagrachtaí ar BOOLUF maidir le cearta an duine agus comhionannas, mar sholáthraí oideachais agus mar fhostóir. Chuige sin, tá cleachtais agus nósanna imeachta á bhforbairt againn i gcónaí chun an t-idirdhealú a dhíothú, chun comhionannas deiseanna agus caitheamh cothrom a chur chun cinn i measc mac léinn agus fostaithe, agus chun cearta an duine atá ag gach duine atá fostaithe againn agus ar a ndéanaimid freastal a chosaint.

SPRIOCANNA STRAITÉISEACHA	1: Oideachas agus oiliúint sármhaith	2: Eispéireas sármhaith a sholáthar do mhic léinn	3: Bunathrú na hEagraíochta	4: Forbairt Foirne
TOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA	1.1 Teagasc, foghlaim agus measúnú sármhaith do chách	2.1 Timpeallachtaí agus eispéiris dhearfacha foghlama a sholáthar	3.1 Cultúr a chothú ina ndéantar an nuáil agus feabhsúcháin	4.1 Déan lucht oibre ardcháilithe agus spreagtha a earcú agus a choinneáil
	1.2 Soláthar a bhfuil a cháilíocht dearbhaithe agus lena mbaineann ardleibhéil ghnóthachtála agus chreidiúnaithe i measc mac léinn	2.2 Tiomantas don fhoghlaim le cuidiú teicneolaíochta chun tacú leis an bhfoghlaim neamhspleách agus leis an bhfoghlaim comhoibrioch	3.2 Rialachas eiticíúil a chur chun cinn ar mhaithe le cuntasacht a chinntiú	4.2 Tacaíocht don fhoireann, forbairt ghairmiúil, phearsanta agus ghairmréime leantach
	1.3 Pleanáil, comhordú agus athbhreithniú fianaise a bheidh bunaithe ar fhianaise	2.3 Deiseanna breise a chur ar fáil chun aiseolas a thabhairt do, agus a fháil ó, mhic léinn agus tuismitheoirí	3.3 Branda BOOLUF a fheabhsú	4.3 Forbairt acmhainní le haghaidh na ceannaireachta gníomhaí
	1.4 Cleachtas Athmhachnaimh chun tacúle feabhsuithe cláir	2.4 Comhionannas feabhsuithe agus ionchuimsiú Sóisialta gníomhach	3.4 Líonrú agus comhpháirtíochtaí straitéiseach le príomhpháirtithe	4.4 Comhoibriú agus Roinnt Eolais

SPRIOC STRAITÉISEACH 1: OIDEACHAS AGUS OILIÚINT SÁRMHAITH

Tosaíocht Straitéiseach 1.1:

Teagasc, foghlaim agus measúnú sármhaith do chách

GNÍOMHARTHA	CEANNAS	TRÁTHCHLÁR
1.1.1 Comhthuisctint a fhorbairt maidir le sármhaith i gcúrsaí teagaisc, foghlama agus measúnachta in BOOLUF, trí tharraingt ar chreata reatha um cháilíocht, agus ag cinntiú go ndéanann sé sin gach gníomh straitéiseach a threorú	PF & Stiúirthóirí	2018-2022
1.1.2 Dul i ngleic le príomhphrionsabail na Sraithe Sóisearaí agus Sonraíochtaí/Torthaí Foghlama a chur chun feidhme do gach rang sa tSraith Shóisearasch	Stiúirthóir na Scoileanna	2018-2022
1.1.3 Freagairtí nuálacha a fhorbairt trí Chúrsaí Oiliúna/Printseachtaí chun freastal ar riachtanais an gheilleagair áitiúil	Stiúirthóir B&O	2018-2022

Tosaíocht Straitéiseach 1.2:

Soláthar a bhfuil a cháilíocht dearbhaithe agus lena mbaineann ardleibhéil ghnóthachtála agus chreidiúnaithe i measc na mac léinn

GNÍOMHARTHA	CEANNAS	TRÁTHCHLÁR
1.2.1 Cláir ardchaighdeán a chur ar fáil lena mbaineann ardleibhéil choinneála mac léinn, ghnóthachtála agus dhul chun cinn	Stiúirthóir B & O; Stiúirthóir na Scoileanna	2018-2020
1.2.2 Próiseas measúnachta comhsheasmhach a fhorbairt ar fud na gclár ábhartha	Stiúirthóir B&O; Stiúirthóir na Scoileanna	2018-2022
1.2.3 Athbhreithniú a dhéanamh ar na conair dhul chun cinn atá ann cheana féin agus roghanna breise dul chun cinn a aithint le haghaidh na mac léinn uile	Stiúirthóir B&O; Stiúirthóir na Scoileanna	2018-2022
1.2.4 Beartas Rochtana, Beartas Aistrithe agus Beartas um Dhul Chun Cinn a fhorbairt	PF & Stiúirthóirí	2018-2022

Tosaíocht Straitéiseach 1.3:

Pleanáil, comhordú, agus athbhreithniú a bheidh bunaithe ar fhianaise

GNÍOMHARTHA	CEANNAS	TRÁTHCHLÁR
1.3.1 Próiseas pleanála bunaithe ar fhianaise a bhunú ar mhaithe le cúrsaí agus clár Bhreisoideachais agus Oiliúna atá ábhartha agus nuálach a sholáthar ar bhonn comhordaithe	Stiúrthóir B&O	2018-2022
1.3.2 Próiseas foirmiúil um Clár a Fhaomhadh a bhunú le haghaidh soláthair nua Bhreisoideachais agus Oiliúna	Stiúrthóir B&O	2018
1.3.3 Leanúint dár soláthar a leathnú, a chomhtháthú agus a ailíniú chun freastal ar riachtanais mac léinn, fostóirí agus an gheilleagair áitiúil	Stiúrthóir B&O; B&O FAB	2018-2022

Tosaíocht Straitéiseach 1.4:

Cleachtas athmhachnaimh chun tacú le feabhsuithe clár

GNÍOMHARTHA	CEANNAS	TRÁTHCHLÁR
1.4.1 Fóram foirne a bhunú chun comhoibriú agus roinnt eolais, scileanna agus acmhainní a éascú	Stiúrthóir B&O	2018-2022
1.4.2 Cultúr féinmheastóireachta a chur chun cinn i scoileanna, rud a chuirfidh feabhas ar scoileanna	Stiúrthóir na Scoileanna	2018
1.4.3 Féinmheastóireacht Fheidhmiúcháin DCC a dhéanamh agus Plean Feabhsaithe Cáilíochta a chur chun feidhme maidir le soláthar uile B&O	Stiúrthóir B&O	2018

SPRIOC STRAITÉISEACH 2: EISPÉIREAS SÁRMHAITH DO MHIC LÉINN

Tosaíocht Straitéiseach 2.1:

Eispéiris foghlama dhearfacha a sholáthar, chomh maith le timpeallachtaí ina bhfuil acmhainní agus áitribh oiriúnacha

GNÍOMHARTHA	CEANNAS	TRÁTHCHLÁR
2.1.1 Leathnú a dhéanamh ar shamhail an Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna, ina ndéantar cláir agus seirbhísí a sholáthar ar bhonn comhtháite in aon láthair amháin.	Stiúrthóir B&O	2018-2022
2.1.2 Comhsheasmhacht iontrála mac léinn ar fud seirbhísí uile Breisoideachais agus Oiliúna	Stiúrthóir B&O	2018
2.1.3 Tosaíochtaí maidir le feabhsúcháin i bhfoirgnimh a aithint agus maoiniú a lorf ó fhoinsí ábhartha	PF & Stiúrthóirí	2018-2022
2.1.4 Iniúchtaí Sláinte agus Sábháilteachta a dhéanamh go rialta ar gach áitreamh dár gcuid	Stiúrthóir TFE (Tacaíocht agus Forbairt Eagrúcháin)	2018-2022
2.1.5 Deiseanna a chur ar fáil chun gur féidir le Guth na Mac Léinn bonn eolais a chur le beartas agus cleachtas sna scoileanna agus sna hionaid	Stiúrthóir na Scoileanna	2018-2022

Tosaíocht Straitéiseach 2.2:

An fhoghlaim le cuidiú teicneolaíochta a ghabháil chun tacú leis an bhfoghlaim neamhspleách agus leis an bhfoghlaim comhoibríoch

GNÍOMHARTHA	CEANNAS	TRÁTHCHLÁR
2.2.1 Straitéis Foghlama le Cuidiú Teicneolaíochta a fhorbairt chun tacú le teagaisc agus foghlaim atá ar ardchaighdeán	PF & Stiúrthóirí	2018
2.2.2 An Straitéis Dhigiteach a chur chun feidhme sna scoileanna uile	Stiúrthóir na Scoileanna	2018-2022
2.2.3 Plean Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáid (TFC) a fhorbairt	Stiúrthóir TFE	2018-2022
2.2.4 Comhoibriú a chur chun cinn i measc múinteoirí agus teagascóirí trí TFC a úsáid agus a thacú	PF & Stiúrthóirí	2018-2022

Tosaíocht Straitéiseach 2.3:

Deiseanna breise a chur ar fáil chun aiseolas a thabhairt do, agus a fháil ó, mhic léinn agus tuismitheoirí

GNÍOMHARTHA	CEANNAS	TRÁTHCHLÁR
2.3.1 Cinnteoidimid comhsheasmhacht na faisnéise atá ar fáil do mhic léinn agus cuirfear deiseanna breise ar fáil chun aiseolas a fháil ó mhic léinn sa Bhreisoideachais agus Oiliúna.	Stiúrthóir B&O	2018-2022
2.3.2 A chinntiú go gcuirfear modhanna suimitheacha agus múnlaiteacha aiseolais i bhfeidhm i scoileanna	Stiúrthóir na Scoileanna	2018-2022
2.3.3 A chinntiú go gcuirfear i bhfeidhm modheolaíochtaí AFL/AOL i scoileanna	Stiúrthóir na Scoileanna	2018-2022

Tosaíocht Straitéiseach 2.4:

Comhionannais agus ionchuimsiú sóisialta gníomhach

GNÍOMHARTHA	CEANNAS	TRÁTHCHLÁR
2.4.1 Éiteas an ionchuimsithe ghníomhaí agus shóisialta a chur chun cinn agus a fhorbairt i gcónaí	PF & Stiúrthóirí	2018-2022
2.4.2 Úsáid modhanna idirdhealúcháin a chinntiú i scoileanna/seomraí ranga	Stiúrthóir na Scoileanna	2018
2.4.3 A chinntiú go gcuirfear acmhainní Riachtanais Speisialta Oideachais chuig na cláir agus na seirbhísí iomchuí	Stiúrthóir na Scoileanna; Stiúrthóir B&O	2018

SPRIOC STRAITÉISEACH 3: BUNATHRÚ NA HEAGRAÍOCHTA

Tosaíocht Straitéiseach 3.1:

*Aitheantas mar phríomhsholáthraí oideachais,
agus cultúr nuálaíochta agus gníomhartha
feabhsuithe a chur ina luí ar dhaoine*

GNÍOMHARTHA	CEANNAS	TRÁTHCHLÁR
3.1.1 Ár mbunluachanna a dhaingniú agus a chinntiú go gcoinnítear iad i gcroílár na hoibre ar fad a dhéantar san eagraíocht	PF & Stiúrthóirí	2018-2022
3.1.2 An struchtúr na heagraíochta a forbairt tuilleadh chun an straitéis a chur chun feidhme agus chun freagairt d'athruithe beartais agus reachtaíochta	Stiúrthóir TFE	2018

Tosaíocht Straitéiseach 3.2:

*Rialachas eiticiúil a chur chun cinn chun
cuntasacht agus luach ar airgead a chinntiú*

GNÍOMHARTHA	CEANNAS	TRÁTHCHLÁR
3.2.1 Athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar bheartais, nósanna imeachta agus córais chun ár seirbhísí a fheabhsú	PF & Stiúrthóirí	2018-2022
3.2.2 Cur i gcrích tráthúil a chinntiú maidir leis an bPlean Seirbhíse, an Tuarascáil Bhliantúil & Ráitis Airgeadais	PF & Stiúrthóir TFE	2018-2022
3.2.3 Struchtúr athbhreithnithe a fhorbairt maidir le Rialachas i seirbhísí B&O a dhéanfaidh ionracas na gcaighdeán agus na bpróiseas acadúil a chosaint	PF & Stiúrthóir B&O	2018

Tosaíocht Straitéiseach 3.3:

Branda BOOLUF a fheabhsú

GNÍOMHARTHA	CEANNAS	TRÁTHCHLÁR
3.3.1 Straitéis um Chaidreamh Poiblí/Meáin Shóisialta a fhorbairt chun comhsheasmhacht a sholáthar maidir leis an gcumarsáid le páirtithe leasmhara seachtracha	PF & Stiúrthóirí	2018-2022
3.3.2 Branda BOOLUF a fhorbairt agus straitéis margaíochta a chur chun feidhme ar fud na heagraíochta	PF & Stiúrthóirí	2018-2022
3.3.3 Feabhas a chur ar sholáthar faisnéise don phobal agus Plean Gníomhaíochtaí um Sheirbhís do Chustaiméirí a fhorbairt	PF & Stiúrthóirí	2018-2022

Tosaíocht Straitéiseach 3.4:

Líonrú straitéiseach agus comhpháirtíochtaí le príomhpháirtithe leasmhara a fhorbairt

GNÍOMHARTHA	CEANNAS	TRÁTHCHLÁR
3.4.1 BOOLUF a chur chun cinn mar thogróir na comhpháirtíochta	PF & Stiúrthóirí	2018-2022
3.4.2 Straitéis Cumarsáide a fhorbairt a dhéanann fostóirí & fostaithe sa réigiún a ghabháil ar bhonn éifeachtach	Stiúrthóir B&O	2018-2022

SPRIOC STRAITÉISEACH 4: FORBAIRT FOIRNE

Tosaíocht Straitéiseach 4.1:

Lucht saothair ardcháilithe agus spreagtha a earcú agus a choinneáil

GNÍOMHARTHA	CEANNAS	TRÁTHCHLÁR
4.1.1 Athbheithniú a dhéanamh ar ár mbeartais agus nósanna imeachta um Earcaíocht agus Acmhainní Daonna, agus iad a uasdátú, chun a chinntiú go léirítear an dea-chleachtas iontu	Stiúrthóir TFE	2018-2022
4.1.2 An tSeibhís Chúnaimh d'Fhostaithe a chur chun cinn agus leanúint de scéimeanna leasa foirne a fhorbairt agus a fheabhsú	Stiúrthóir TFE	2018-2022
4.1.3 Oiliúint ionductaithe foirne a sholáthar do gach ball foirne nua	PF & Stiúrthóirí	2018-2022
4.1.4 Comhionannas rochtana a chur chun cinn do bhaill foirne nua trí Bheartas Earcaíochta BOOLUF	Stiúrthóir TFE	2018-2022

Tosaíocht Straitéiseach 4.2:

Forbairt phearsanta, ghairmiúil, agus ghairmréime leanúnach a chinntiú

GNÍOMHARTHA	CEANNAS	TRÁTHCHLÁR
4.2.1 Deiseanna a chur ar fáil do na baill foirne uile ar Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach atá ábhartha agus ar ardchaighdeán	PF & Stiúrthóirí	2018-2022
4.2.2 Clár Folláine a fhorbairt agus a sholáthar d'fhoireann uile BOOLUF	PF & Stiúrthóirí	2018

Tosaíocht Straitéiseach 4.3:

Forbairt acmhainne a chothú i leith na ceannaireachta gníomhaí

GNÍOMHARTHA	CEANNAS	TRÁTHCHLÁR
4.3.1 Clár ceannaireachta gníomhaí a fhorbairt don fhoireann, lena n-áirítear an mheánbhainistíocht agus an bhainistíocht shinsearach	PF & Stiúrthóirí	2018-2022
4.3.2 Deiseanna forbartha gairmiúla a sholáthar dóibh siúd a dteastaíonn uatha bheith ina gceannairí	PF & Stiúrthóirí	2018-2022

Tosaíocht Straitéiseach 4.4:

Comhoibriú agus roinnt eolais a chur chun cinn

GNÍOMHARTHA	CEANNAS	TRÁTHCHLÁR
4.4.1 Straitéis pleanála um chomharbas a fhorbairt chun leanúnachas seirbhíse a chinntiú	Stiúrthóir TFE	2018-2022
4.4.2 Forbairt leanúnach maidir le ghrúpaí oibre teicniúla inmheánacha a fhorbairt chun an dea-chleachtas a léiriú agus eolas a roinnt	Stiúrthóir TFE	2018-2022
4.4.3 Deiseanna maidir le líonrú inmheánach a dhéanamh a fheabhsú chun feabhsúcháin leanúnacha a chur chun cinn inár gcumarsáidí agus seirbhísí inmheánacha	PF & Stiúrthóirí	2018-2022

6.3

Cur chun feidhme

Cuirfidh na cuspóirí, tosaíochtaí agus gníomhartha seo bonn eolais le cur chun feidhme Ráiteas Straitéise na heagraíochta. Déanfar gníomhartha ón bplean cur chun feidhme a chomhtháthú i bpleananna bliantúla ag leibhéal na scoileanna, ag leibhéal na n-ionaid agus ag an leibhéal seirbhíse, agus déanfar dul chun cinn a thuairisciú sa Tuarascáil Bhliantúil. Cé go bhfuil an eagraíocht iomlán tiomanta don Straitéis cúig bliana a chur chun feidhme, braitheann an cur chun feidhme sin ar infhaighteacht acmhainní.

Aguisíní

AGUISÍN 1

Bord BOOLUF

Maura Brophy, Uas.

Molly Buckley, Uas.

John Carroll, Clr.

Mary Cotter-Bracken, Uas.

Eamon Dooley, Clr.

Caroline Dwane-Stanley, Clr. (Cathaoirleach)

Catherine Fitzgerald, Clr.

Eddie Fitzpatrick, Clr.

William Flanagan, Uas.

Vivienne Keenan, Uas.

John King, Clr.

Jerry Lodge, Clr.

Sean Maher, Clr.

Tony McCormack, Clr.

Paschal McEvoy, Clr.

Liam Quinn, Clr.

Derek Scully, Uas.

Frank Smith, Uas.

Anne Starling, Uas.

Mary Sweeney, Clr.

Joe Thompson, Uas.

Aguisíní

AGUISÍN 2

Scoileanna, Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna, agus Seirbhísí BOOLUF

SCOIL

Coláiste Dhún Másc
Coláiste Phort Laoise
Coláiste Naomh Feargail, Ráth Domhnaigh,
Coláiste Chluain na Slí
Coláiste Bheannchair – Coláiste na Sionna
Coláiste Thulach Mhór
Coláiste Pobail Oaklands, Édan Doire
Coláiste Naomh Cormac, Cill Chormaic
Ard Scoil Chiaráin Naofa, Clóirtheach

IONAD

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Phort Laoise
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Chúil an tSúdaire
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Mhainistir Laoise
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Thulach Mhór
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Bhorra
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Mhóinteach Mílíc
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Éadan Doire
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Chlóirtheach
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Bheannchair
Ionaid Oideachais Phríosún Lár-Tíre
Ionad Oideachais Phríosún Phort Laoise
Ionad um Oideachas agus Oiliúint Allamuigh Bhorra
An tIonad Náisiúnta um Oiliúint Tógála – Droim Cáithe

SEOLADH

Sr. an Iarnróid, Port Laoise, Co Laoise
Br. Mhaighean Rátha, Port Laoise
Ráth Domhnaigh, Co Laoise
Cluain na Slí, Co Laoise
An tSráid Mhór, Beannchair, Co Uíbh Fhailí
Cois Abhann, Tulach Mhór, Co Uíbh Fhailí
Ascaill Shiúr Seanáin, Éadan Doire, Co Uíbh Fhailí
Cill Chormaic, Co Uíbh Fhailí
Clóirtheach, Co. Uíbh Fhailí

Cnoc an Túir, Port Laoise, Co. Laoise
Sráid Bhreac-chluana, Cúil an tSúdaire, Co. Laoise
Bóthar Mhaighean Rátha, Mainistir Laoise, Co Laoise
Foirgnimh an Chaisleáin, Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí
Bóthar Ros Cré, Biorra, Co Uíbh Fhailí
Sráid an Chalafoirt, Móinteach Mílíc, Co. Laoise
Bóthar Naomh Mhuire, Éadan Doire, Co. Uíbh Fhailí
Sráid na hAbhann, Clóirtheach, Co. Uíbh Fhailí
Beannchair, Co. Uíbh Fhailí
Bóthar Bhaile Átha Cliath, Port Laoise, Co. Laoise
Bóthar BÁC, Port Laoise, Co. Laoise
Bóthar Ros Cré, Biorra, Co. Uíbh Fhailí
Droim Cáithe, An Daingean, Co. Uíbh Fhailí



Port Laoise

**Bord Oideachais agus Oiliúna
Laoise agus Uíbh Fhailí
Oifigí Riaracháin
Bóthar an Droma,
Port Laoise,
Co. Laoise
R32 NN82
T: 057 8621352
E: info@loetb.ie
www.loetb.ie**

Tulach Mhór

**Bord Oideachais agus Oiliúna
Laoise agus Uíbh Fhailí
Oifigí Riaracháin
Foirgnimh an Chaisleáin,
Sráid na Teamhreach,
Tulach Mhór,
Co. Uíbh Fhailí
R35 E9K8
T: 057 9349400
E: info@loetb.ie
www.loetb.ie**

RÁITEAS STRAITÉISE 2018-2022



loetb

Bord Oideachais agus Oiliúna
Laoise agus Uíbh Fhailí
*Laois and Offaly
Education and Training Board*



Aontas Eorpach
Ag infheistiú i do dhán
Ciste Sóisialta na hEorpa



European Union
Investing in your future
European Social Fund



**An Roinn Oideachais
agus Scileanna**
Department of
Education and Skills

www.loetb.ie